Plean Ceachta na Naíonán 4

Déiríocht agus an Comhshaol

Cuspóir

Tuiscint daltaí a fhorbairt ar an gcaidreamh idir an aimsir, an timpeallacht agus an fheirmeoireacht.
Fad: **30 nóiméad** (nó mar sin).

Naisc Churaclaim

OSPS:

Mise agus an domhan mór ⇨ Saoránacht a fhorbairt ⇨ Cúram comhshaoil

Tíreolaíocht:

Aimsir Thimpeallachtaí Nádúrtha ⇨ Aeráid agus atmaisféar

Feasacht agus cúram comhshaoil ⇨ Ag tabhairt aire do mo cheantar féin

Focail an Lae

Comhshaol – Gach ní beo agus neamhbheo timpeall ort, lena n-áirítear an t-aer.

Aimsir - Insíonn an aimsir dúinn cé chomh te nó fuar agus cé chomh fliuch nó tirim agus a bheidh áit gach lá.

Aeráid - Insíonn an aeráid dúinn conas a bheidh an aimsir in áit thar thréimhse fhada.

Triomach - Is triomach é nuair a bhíonn an aimsir tirim ar feadh tréimhse an-fhada, gan aon bháisteach ann nó fíorbheagán báistí.

Ionann - Is ionann tuilte agus uisce a chlúdaíonn talamh a bhíonn tirim de ghnáth

Plé Ranga

- Iarr ar na daltaí an bhrí atá leis an bhfocal 'aimsir' a phlé.
- Iarr ar na daltaí cur síos a dhéanamh ar an aimsir inné agus inniu. Déan comparáid eatarthu.
- Mínigh an téarma 'aimsir' (féach Focail an Lae).
- Anois iarr ar na daltaí an aimsir a bhraith siad i dtír ar bith eile a phlé, mar shampla, sa Fhrainc nó sa Spáinn.
- Mínigh an téarma 'aeráid', agus mínigh cé go n-athraíonn an aimsir in Éirinn gach lá, nach mbíonn ár n-aeráid ró-the nó ró-fhuar riamh.

Plé Beirte

1. Iarr ar na daltaí smaoineamh ar aon chomharthaí d'aimsir neamhghnách a bhí acu sa bhaile, mar shampla, samhradh an-te in Éirinn, go leor sneachta, aimsir an-fhliuch nó aimsir an-stoirmiúil. Pléigh é mar rang.
2. Tarraing grian, scamall sneachta, scamall stoirme agus scamall báistí ar an mbord. Iarr ar na daltaí, ag obair i mbeirteanna, breathnú ar gach ceann de na ceithre phictiúr agus comhrá a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh an aimsir the, sneachta, stoirm agus báisteach tionchar a bheadh acu orthu féin, ar a muintir nó ar dhaoine eile ina gceantar.
3. Cuir in iúl do dhaltaí go dtarlaíonn aimsir eisceachtúil neamhghnách de dheasca athruithe san aeráid.

Gníomhaíocht Phearsanta

Iarr ar na daltaí cuimhneamh ar cad is déiríocht ann agus an fheidhm a bhaineann le feirm dhéiríochta a mhíniú. Tabhair cóip den bhileog ghníomhaíochta **'Déiríocht agus an Comhshaol'** do gach dalta. Iarr ar na daltaí breathnú ar na ceithre phictiúr a léiríonn an tionchar a bhíonn ag an aimsir neamhghnách eisceachtúil (athrú aeráide) ar shaol na feirme déiríochta. Léigh amach na habairtí a leanas agus iarr ar na daltaí an íomhá cheart a shainaithint, ó uimhir 1 go 5. Déan plé ranga air.

1. Le linn aimsir shneachta ní mór ainmhithe a choinneáil taobh istigh.
2. Nuair a bhíonn droch-aimsir ann, is féidir le bóithre a bheith contúirteach. Is féidir leis sin cur isteach ar bhailiú bainne ó fheirmeacha agus é a sheachadadh chuig scoileanna agus tithe.
3. Nuair a bhíonn droch-aimsir ann, ar nós laethanta stoirmiúla, ní féidir leis na ba a bheith amuigh ar an bhféar, mar sin ní mór d'fheirmeoirí bia breise a thabhairt dóibh.
4. Nuair a bhíonn sé an-tirim agus níos lú báistí ann, bíonn tionchar aige sin ar an méid féir a bhíonn le hithe ag na hainmhithe.
5. Is féidir le triomach agus tuilte barra feirmeora a scriosadh.

Gníomhaíochtaí Sínte

1. Roinn na daltaí ina gcúig ghrúpa, ag sannadh do gach grúpa ceann de na bealaí (féach thall) ina bhféadfadh athrú aeráide tionchar a imirt ar fheirm dhéiríochta agus iarr orthu é sin a léiriú.
2. Iarr ar na daltaí dhá phictiúr a tharraingt, ceann amháin ag léiriú feirm dhéiríochta ar lá gnáth-aimsire agus an ceann eile ag léiriú feirm dhéiríochta ar lá ar a bhfuil aimsir eisceachtúil neamhghnách.
3. Spreag na daltaí chun a gcartáin nó a mbuidéil Bhainne Scoile a thabhairt abhaile lena n-athchúrsáil.

Tabhair Abhaile é

Spreag do dhaltaí chun an teachtaireacht a thabhairt abhaile faoin tionchar a bhíonn ag an athrú aeráide ar an gcomhshaol. Mar ghníomhaíocht obair bhaile, is féidir leat iarraidh ar na daltaí an méid a leanas a dhéanamh:

1. Coinnigh taifead ar an aimsir ar feadh seachtaine agus tarraing pictiúr den tionchar a bhí ag an aimsir ar a gcuid gníomhaíochtaí teaghlaigh. Mar shampla, ar chuir an aimsir fhliuch stop le haon ghníomhaíocht teaghlaigh a dhéantar de ghnáth?